An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

An Chomhairle Múinteoireachta
Clárúchán

# Riachtanais d'Ábhar Curaclaim (Iar-bhunscoil)

*Do dhaoine atá ag déanamh iarratais ar nó tar éis 1 Eanáir 2023*

Foilsithe 11 Samhain 2020

# Gluais

## Cáilíocht comhthráthach

Cáilíocht a thugann staidéar ar cheann amháin nó níos mó de na hábhair disciplín maidir le staidéar gairmiúil oideachas múinteora, bonnstaidéar agus socrúchán scoile le chéile.

## Ábhar curaclaim

Ábhar le siollabas forordaithe atá ceadaithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna arna scrúdú ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

## Creidiúintí ECTS (An Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna)

Is córas atá dírithe ar an mac léinn atá i gceist le creidiúintí ECTS atá bunaithe ar ualach oibre an mhic léinn atá riachtanach le cuspóirí an chláir staidéir a bhaint amach. Tá sé bunaithe ar phrionsabal go ndéanann 60 creidiúint ECTS ualach oibre an mhic léinn lánaimseartha a thomhas le linn bliain acadúil amháin.

## An Ardteistiméireacht

An scrúdú deiridh ag an leibhéal oideachais iar-bhunscoile in Éirinn atá á riaradh ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

## Clár Oideachais Tosaigh Múinteoirí

Cáilíocht a thugann staidéar gairmiúil oideachas múinteora, bonnstaidéar agus socrúchán scoile le chéile. Tagraíonn sé do cháilíocht atá dírithe ar mhúinteoirí iar-bhunscoile chun críocha an doiciméid seo.

## Iarbhunscoil

Tagraíonn sé do theagasc dara leibhéal in Éirinn, a dhéanann cúram, de ghnáth, do dhaltaí idir 12 – 18 bliain d'aois. Tugtar múinteoireacht mheánscoile air freisin.

## Rialacháin maidir le Clárúchán

Rialacháin atá foilsithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta de réir Alt 31 d'Acht na Comhairle Múinteoireachta, 2001, ina leagtar amach na rialacháin chun a bheith mar mhúinteoir cláraithe in Éirinn. D'fhéadfadh an Chomhairle Mhúinteoireachta na rialacháin seo a athrú ó am go chéile nó iad a thabhairt cothrom le dáta.

# Clár na nÁbhar

**Réamhrá** **2**

| | |
|---|---|
| Cuntasaíocht | 3 |
| Eolaíocht Talmhaíochta | 4 |
| Sean-Ghréigis | 5 |
| Matamaitic Fheidhmeach | 6 |
| Ealaín (lena n-áirítear, Ceardaíocht) | 7 |
| Bitheolaíocht | 8 |
| Gnó | 9 |
| Ceimic | 10 |
| Léann Clasaiceach | 11 |
| Ríomheolaíocht | 12 |
| Staidéar Foirgníochta | 13 |
| Teangacha an Churaclaim (Araibis, Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis, Seapáinis, Rúisis, Spáinnis) | 14 |
| Grafaic Dheartha agus Chumarsáide (GDC) | 15 |
| Eacnamaíocht | 16 |
| Innealtóireacht | 17 |
| Béarla | 18 |
| Gaeilge | 19 |
| Tíreolaíocht | 20 |
| Léann Eabhrach | 21 |
| Stair | 22 |
| Eacnamaíocht Bhaile | 23 |
| Laidin | 24 |
| Matamaitic | 25 |
| Ceol | 26 |
| Corpoideachas | 27 |
| Fisic | 28 |
| Fisic agus Ceimic | 29 |
| Polaitíocht agus an tSochaí | 30 |
| Oideachas Reiligiúnach | 31 |
| Teicneolaíocht | 32 |

# Réamhrá

Leagtar amach i *Rialacháin (Clárúcháin) na Comhairle Múinteoireachta 2016* na riachtanais do chlárú múinteoirí in Éirinn a ndéantar soláthar dóibh in Alt 31 *d'Acht na Comhairle Múinteoireachta 2001*.

Baineann an doiciméad seo leis na riachtanais do theagasc iar-bhunscoile, mar atá leagtha amach faoi láthair i Rialachán a Dó de na Rialacháin agus leagtar amach ann an dá phríomhbhealach chun clárú. Is iad sin:

1. bunchéim a thabhairt chun críche, a chuireann ar chumas an tsealbhóra dul i mbun teagaisc **ábhar curaclaim ceadaithe** amháin ar a laghad AGUS clár iarchéime oideachas tosaigh múinteoirí a thabhairt chun críche (ar nós Máistir Gairmiúil le hOideachas (MGO) atá dírithe ar raon aoise iar-bhunscoile (12-18 bliain d'aois de ghnáth)

   **NÓ**

2. cáilíocht céime comhthráthach in oideachas tosaigh múinteoirí iar-bhunscoile a thabhairt chun críche, a thugann staidéar ar cheann amháin nó níos mó **d'ábhair churaclaim ceadaithe** le chéile a chuimsíonn staidéar gairmiúil, bonnstaidéar agus socrúchán scoile, agus iad go léir dírithe ar an raon aoise iar-bhunscoile (12-18 bliain d'aois de ghnáth).

   Leagtar amach sa doiciméad seo na riachtanais **do gach ábhair churaclaim ceadaithe** a dtagraítear dóibh ag 1 agus 2 thuas. Is féidir na riachtanais seo, atá daingnithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta agus curtha in iúl don Aire Oideachais agus Scileanna de réir *Acht na Comhairle Mhúinteoireachta 2001*, a chomhlíonadh trí fhreastal ar staidéar fochéime roimh iarchéim do cháilíocht oideachais múinteora a thabhairt chun críche, m.sh. an MGO a bhfuil breac-chuntas tugtha ina leith ag 1 thuas, nó is féidir é a chomhlíonadh trí staidéar ina gcuimsítear clár comhthráthach oideachas tosaigh múinteoirí – a ndéantar cur síos air ag 2 thuas.

   Beidh éifeacht leis an gcritéar d'ábhar iar-bhunscoile a leagtar amach sa doiciméad seo chun críocha clárú leis an gComhairle Mhúinteoireacht ón **1 Eanáir 2023** don dá bhealach clárúcháin mar a dtugtar breac-chuntas ina leith ag 1 agus 2 thuas. Beidh baint acu le hiarratasóirí a dhéanann iarratas ar chlárú lasmuigh d'Éirinn freisin i ndiaidh an dáta seo.

   Tá deireadh curtha ó shin le hábhair OSSP agus Staidéar Ríomhaireachta a bhí san áireamh i leagan na bliana 2017.

   Tá ábhair churaclaim nua, Polaitíocht agus an tSochaí agus Ríomheolaíocht san áireamh sa doiciméad seo.

**<u>Tá baint ag na riachtanais chaighdeánacha thíos leis na hábhair churaclaim go léir</u>**

- Áiríonn toradh pas ar a laghad pas trí chúiteamh.
- Teagasc an churaclaim chuig an leibhéal is airde san oideachas iar-bhunscoile mar atá ceadaithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna agus foilsithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA).
- Ní mór go mbeidh clár d'oideachais tosaigh múinteoirí iar-bhunscoile tugtha chun críche ag na hiarratasóirí freisin (aois raon 12-18 bliain d'aois) a bhfuil 120 creidiúint ECTS ar a laghad (nó a choibhéis) ag dul dó.
- D'fhéadfadh iarratasóirí a bhfuil tús curtha acu le clár d'oideachais tosaigh múinteoirí roimh an 01/09/2014 lena mbaineann 120 ECTS ar a laghad a bheith díolmhaithe ón riachtanas seo ar lánrogha na Comhairle.
- Ar mhaithe leis na riachtanais chlárúcháin atá leagtha síos i Rialacháin (Clárúcháin) na Comhairle Múinteoireachta a chomhlíonadh ní mór don iarratasóir freastal ar na critéir **go léir** don ábhar curaclaim ar leith.

# Cuntasaíocht

***Ar mhaithe leis na riachtanais chlárúcháin atá leagtha síos i Rialacháin (Clárúcháin) na Comhairle Múinteoireachta maidir le hábhar curaclaim na Cuntasaíochta a chomhlíonadh, ní mór go gcomhlíonfaidh iarratasóir na critéir seo a leanas go léir:***

**1.** (a) Ní mór go mbeidh cáilíocht ag leibhéal céime ag an iarratasóir, lena n-áirítear, staidéar déanta ar an gCuntasaíocht go dtí leibhéal na tríú bliana nó os a chionn (nó an choibhéis mhodúlach).

(b) Ní mór go mbeidh an chéim cháilíochta ar choibhéis le Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) agus go mbeidh pas ar a laghad bainte amach i ngach ábhar a bhaineann leis an gCuntasaíocht.

(c) Ní mór go mbeidh ar a laghad 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) (nó a choibhéis) ag dul don chéim cháilíochta agus go mbeidh ar a laghad 60 creidiúint ECTS (nó a choibhéis) den mhéid sin ag dul do staidéar ar an gCuntasaíocht go sonrach.

**2.** Ní mór go léireoidh an léann Cuntasaíochta le linn na céime seo go bhfuair an céimí eolas, scileanna agus tuiscint leordhóthanach le siollabas na Cuntasaíochta a theagasc ag an leibhéal is airde san oideachas iar-bhunscoile (féach **www.curriculumonline.ie**).

**Chun an riachtanas seo a chomhlíonadh ní mór go mbeidh staidéar ar na** Réimsí Riachtanacha **seo a leanas san áireamh leis an gcéim:**

a) Cuntasaíocht Airgeadais
b) Cuntasaíocht Bhainistíochta

Is féidir na creidiúintí ECTS atá fanta a bhaint as na réimsí seo a leanas nó a gcoibhéis:

c) Dlí na gComhlachtaí/Gnó
d) Creat Coincheapúil agus Rialála na Cuntasaíochta
e) Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide sa Chuntasaíocht
f) Réimsí eile ar staidéar na Cuntasaíochta, mar shampla, Cuntasaíocht Fhóiréinseach

# Eolaíocht Talmhaíochta

***Ar mhaithe leis na riachtanais chlárúcháin atá leagtha síos i Rialacháin (Clárúcháin) na Comhairle Múinteoireachta maidir le hábhar curaclaim na hEolaíochta Talmhaíochta a chomhlíonadh, ní mór go gcomhlíonfaidh iarratasóir na critéir seo a leanas go léir:***

1. (a) Ní mór go mbeidh cáilíocht ag leibhéal céime ag an iarratasóir, lena n-áirítear, staidéar déanta ar an Eolaíocht Talmhaíochta go dtí leibhéal na tríú bliana nó os a chionn (nó an choibhéis mhodúlach).

   (b) Ní mór go mbeidh an chéim cháilíochta ar choibhéis le Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) agus go mbeidh pas ar a laghad bainte amach i ngach ábhar a bhaineann leis an Eolaíocht Talmhaíochta.

   (c) Ní mór go mbeidh ar a laghad 180 creidiúint ECTS (An Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) (nó a choibhéis) ag dul don chéim cháilíochta agus go mbeidh ar a laghad 60 creidiúint ECTS (nó a choibhéis) den mhéid sin ag dul do staidéar na hEolaíochta Talmhaíochta go sonrach.

2. Ní mór go léireoidh an léann Eolaíochta Talmhaíochta le linn na céime seo go bhfuair an céimí eolas, scileanna agus tuiscint leordhóthanach le siollabas/sonraíocht na hEolaíochta Talmhaíochta a theagasc ag an leibhéal is airde san oideachas iar-bhunscoile (féach www.curriculumonline.ie).

   **Réimsí riachtanacha Staidéir:**

   a) Eolaíocht Táirgthe Barr
   b) Eolaíocht Táirgthe Ainmhithe

   **Is féidir na creidiúintí ECTS atá fágtha a bhaint as na réimsí seo a leanas nó a gcoibhéis:**

   c) Eolaíochtaí tacaíochta i ndisciplíní Bitheolaíochta Planda agus Ainmhí
   d) Ithireolaíocht/eolaíochtaí geolaíocha
   e) Eolaíochtaí imshaoil
   f) Géineolaíocht
   g) Bithcheimic/Cillbhitheolaíocht/Bitheolaíocht mhóilíneach
   h) Micribhitheolaíocht
   i) Éiceolaíocht
   j) Réimsí staidéir ábhartha eile ar nós inbhuanaitheacht, bithéagsúlacht, talmhaíocht orgánach, clíomeolaíocht agus athrú aeráide.

3. Ní mór obair shaotharlainne/praiticiúil a chomhlánú le linn na céime.

# An tSean-Ghréigis

***Ar mhaithe leis na riachtanais chlárúcháin atá leagtha síos i Rialacháin (Clárúcháin) na Comhairle Múinteoireachta maidir le hábhar curaclaim na Sean-Ghréigise a chomhlíonadh, ní mór go gcomhlíonfaidh iarratasóir na critéir seo a leanas go léir:***

**1.** (a) Ní mór go mbeidh cáilíocht ag leibhéal céime ag an iarratasóir, lena n-áirítear, staidéar déanta ar an tSean-Ghréigis go dtí leibhéal na tríú bliana nó os a chionn (nó an choibhéis mhodúlach).

(b) Ní mór go mbeidh an chéim cháilíochta ar choibhéis le Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) agus go mbeidh pas ar a laghad bainte amach i ngach ábhar a bhaineann leis an **tSean-Ghréigis**.

(c) Ní mór go mbeidh ar a laghad 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) (nó a choibhéis) ag dul don chéim cháilíochta agus go mbeidh ar a laghad 60 creidiúint ECTS (nó a choibhéis) den mhéid sin ag dul do staidéar na Sean-Ghréigise go sonrach agus ar a laghad 10 gcreidiúint ECTS (nó a choibhéis) ag baint le staidéar ag leibhéal na tríú bliain nó os a chionn (nó a choibhéis mhodúlach).

**2.** Ní mór go léireoidh an léann Sean-Ghréigise le linn na céime seo go bhfuair an céimí eolas, scileanna agus tuiscint leordhóthanach ar an tSean-Ghréigis le siollabas na Sean-Ghréigise a theagasc ag an leibhéal is airde san oideachas iar-bhunscoile (féach www.curriculumonline.ie):

a) Teanga na Sean-Ghréigise lena n-áirítear Gramadach agus Comhréir

b) Stair na Sean-Ghréigise

c) Ealaín agus Litríocht na Sean-Ghréigise

# Matamaitic Fheidhmeach

***Ar mhaithe leis na riachtanais chlárúcháin atá leagtha síos i Rialacháin (Clárúcháin) na Comhairle Múinteoireachta maidir le hábhar curaclaim na Matamaitice Feidhmí a chomhlíonadh, ní mór go gcomhlíonfaidh iarratasóir na critéir seo a leanas go léir:***

**1.** (a) Ní mór go mbeidh cáilíocht ag leibhéal céime ag an iarratasóir, lena n-áirítear, staidéar déanta ar Mhatamaitic Fheidhmeach go dtí leibhéal na tríú bliana nó os a chionn (nó an choibhéis mhodúlach).

(b) Ní mór go mbeidh an chéim cháilíochta ar choibhéis le Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) agus go mbeidh pas ar a laghad bainte amach i ngach scrúdú a bhaineann leis an Matamaitic Fheidhmeach.

(c) Ní mór go mbeidh ar a laghad 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) (nó a choibhéis) ag dul don chéim cháilíochta agus go mbeidh ar a laghad 60 creidiúint ECTS (nó a choibhéis) den mhéid sin ag dul do staidéar ar an Matamaitic Fheidhmeach go sonrach.

**2.** Ní mór go léireoidh an léann Matamaitice Feidhmí le linn na céime seo go bhfuair an céimí eolas, scileanna agus tuiscint leordhóthanach le siollabas/sonraíocht na Matamaitice Feidhmí a theagasc ag an leibhéal is airde san oideachas iar-bhunscoile (féach www.curriculumonline.ie).

Ní mór go n-áireoidh an staidéar na **Réimsí Riachtanacha** staidéir seo a leanas go léir

a) Meicnic
b) Matamaitic Scoite
c) Teoiric Dhifreálach agus Graif
d) Geoiméadrach
e) Anailís
f) Ailgéabar

D'fhéadfadh na ECTS atá fanta a theacht óna **Réimsí Roghnacha** staidéir seo a leanas

g) Córais Dhinimiciúla agus Anord
h) Anailís Uimhriúil nó Matamaitic Ríomheolaíochta nó Samhaltú Ríomhaireachtúil
i) Stair nó Fealsúnacht na Matamaitice Feidhmí, na Meicnice, na Matamaitice nó na hEolaíochta
j) Samhaltú Matamaiticiúil
k) Bitheolaíocht Mhatamaiticiúil
l) Matamaitic Airgeadais
m) Dinimic Dhaonra
n) Samhaltú Comhshaoil
o) Dóchúlacht agus Staitistic
p) Taighde Oibríochtaí

# Ealaín (Lena n-áirítear Ceardaíocht)

***Ar mhaithe leis na riachtanais chlárúcháin atá leagtha síos i Rialacháin (Clárúcháin) na Comhairle Múinteoireachta maidir le hábhar curaclaim na hEalaíne (lena n-áirítear Ceardaíocht) a chomhlíonadh, ní mór go gcomhlíonfaidh iarratasóir na critéir seo a leanas go léir:***

1. (a) Ní mór go mbeidh cáilíocht ag leibhéal céime ag an iarratasóir, lena n-áirítear, staidéar déanta ar Ealaín (lena n-áirítear Ceardaíocht) go dtí leibhéal na tríú bliana nó os a chionn (nó an choibhéis mhodúlach).

   (b) Ní mór go mbeidh an chéim cháilíochta ar choibhéis le Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) agus go mbeidh pas ar a laghad bainte amach i ngach ábhar a bhaineann leis an Ealaín (lena n-áirítear, Ceardaíocht).

   (c) Ní mór go mbeidh ar a laghad 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) (nó a choibhéis) ag dul don chéim cháilíochta agus go mbeidh ar a laghad 60 creidiúint ECTS (nó a choibhéis) den mhéid sin ag dul do staidéar ar an Ealaín (lena n-áirítear Ceardaíocht) go sonrach.

2. Ní mór go léireoidh an léann Ealaíne (lena n-áirítear Ceardaíocht) le linn na céime seo go bhfuair an céimí eolas, scileanna agus tuiscint leordhóthanach le siollabas/sonraíocht na hEalaíne (lena n-áirítear Ceardaíocht) a theagasc ag an leibhéal is airde san oideachas iar-bhunscoile (féach www.curriculumonline.ie).

3. Leis an riachtanas seo a chomhlíonadh ní mór go mbeidh staidéar déanta ar an méid seo a leanas mar chuid den chéim:

   a) Líníocht, Amharcstaidéar 2T agus 3T in Ealaín/Ceardaíocht/Dearadh

   b) Na Meáin

   c) Stair na hEalaíne/an Dearaidh agus Staidéar Critice/Amharcstaidéar Cultúrtha

# Bitheolaíocht

***Ar mhaithe leis na ceanglais chlárúcháin atá leagtha síos i Rialacháin (Clárúcháin) na Comhairle Múinteoireachta maidir le hábhar curaclaim na Bitheolaíochta a chomhlíonadh, ní mór go gcomhlíonfadh iarratasóir na critéir seo a leanas go léir:***

**1.** (a) Ní mór go mbeidh cáilíocht ag leibhéal céime ag an iarratasóir, lena n-áirítear, staidéar déanta ar an mBitheolaíocht go dtí leibhéal na tríú bliana nó os a chionn (nó an choibhéis mhodúlach).

(b) Ní mór go mbeidh an chéim cháilíochta ar choibhéis le Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) agus go mbeidh pas ar a laghad bainte amach i ngach ábhar a bhaineann leis an mBitheolaíocht.

(c) Ní mór go mbeidh ar a laghad 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) (nó a choibhéis) ag dul don chéim cháilíochta agus go mbeidh ar a laghad 60 creidiúint ECTS (nó a choibhéis) den mhéid sin ag dul do staidéar ar an mBitheolaíocht go sonrach.

**2.** Ní mór go léireoidh an léann sa Bhitheolaíocht le linn na céime seo go bhfuair an céimí eolas, scileanna agus tuiscint leordhóthanach le siollabas/sonraíocht na Bitheolaíochta a theagasc ag an leibhéal is airde san oideachas iar-bhunscoile (féach **www.curriculumonline.ie**).

Chun an riachtanas seo a chomhlíonadh ní mór go mbeidh staidéar ar cheithre cinn ar a laghad de na réimsí riachtanacha seo a leanas san áireamh leis an gcéime:

**Réimsí riachtanacha staidéir**

(a) Luibheolaíocht
(b) Anatamaíocht/Fiseolaíocht Plandaí
(c) Éiceolaíocht
(d) Micribhitheolaíocht
(e) Zó-Eolaíocht
(f) Anatamaíocht Mhamach/Fiseolaíocht
(g) Bithcheimic
(h) Géineolaíocht

3. Ní mór go mbeidh obair shaotharlainne/praiticiúil curtha i gcrích le linn na céime.

# Gnó

***Ar mhaithe leis na riachtanais chlárúcháin atá leagtha síos i Rialacháin (Clárúcháin) na Comhairle Múinteoireachta maidir le hábhar curaclaim GNÓ a chomhlíonadh, ní mór go gcomhlíonfaidh iarratasóir na critéir seo a leanas go léir:***

**1.** (a) Ní mór go mbeidh cáilíocht ag leibhéal céime ag an iarratasóir, lena n-áirítear, staidéar déanta ar an nGnó go dtí leibhéal na tríú bliana nó os a chionn (nó an choibhéis mhodúlach).

(b) Ní mór go mbeidh an chéim cháilíochta ar choibhéis le Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) agus go mbeidh pas ar a laghad bainte amach i ngach ábhar a bhaineann leis an nGnó.

(c) Ní mór go mbeidh ar a laghad 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) (nó a choibhéis) ag dul don chéim cháilíochta agus go mbeidh ar a laghad 60 creidiúint ECTS (nó a choibhéis) den mhéid sin ag dul do staidéar ar an nGnó go sonrach.

**2.** Ní mór go léireoidh an léann Gnó le linn na céime seo go bhfuair an céimí eolas, scileanna agus tuiscint leordhóthanach le siollabas/sonraíocht an Ghnó a theagasc ag an leibhéal is airde san oideachas iar-bhunscoile (féach **www.curriculumonline.ie**).

Chun an riachtanas seo a chomhlíonadh ní mór go n-áireoidh an chéim staidéar ar chúig cinn ar a laghad den mhéid seo a leanas:

a) Iompar Eagraíochtúil
b) Nuálaíocht/Fiontar agus Fiontraíocht Gnó
c) Bainistíocht
d) Timpeallacht Gnó
e) Bainistíocht Acmhainní Daonna
f) Margaíocht
g) Dlí Gnó
h) Cuntasaíocht/Airgeadas nó Eacnamaíocht

# Ceimic

***Ar mhaithe leis na riachtanais chlárúcháin atá leagtha síos i Rialacháin (Clárúcháin) na Comhairle Múinteoireachta maidir le hábhar curaclaim na Ceimice a chomhlíonadh, ní mór go gcomhlíonfaidh iarratasóir na critéir seo a leanas go léir:***

1. (a) Ní mór go mbeidh cáilíocht ag leibhéal céime ag an iarratasóir, lena n-áirítear, staidéar déanta ar an gCeimic go dtí leibhéal na tríú bliana nó os a chionn (nó an choibhéis mhodúlach).

   (b) Ní mór go mbeidh an chéim cháilíochta ar choibhéis le Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) agus go mbeidh pas ar a laghad bainte amach i ngach ábhar a bhaineann leis an gCeimic.

   (c) Ní mór go mbeidh ar a laghad 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) (nó a choibhéis) ag dul don chéim cháilíochta agus go mbeidh ar a laghad 60 creidiúint ECTS (nó a choibhéis) den mhéid sin ag dul do staidéar ar an gCeimic go sonrach.

2. Ní mór go léireoidh an léann sa Cheimic le linn na céime seo go bhfuair an céimí eolas, scileanna agus tuiscint leordhóthanach le siollabas/sonraíocht na Ceimice a theagasc ag an leibhéal is airde san oideachas iar-bhunscoile (féach **www.curriculumonline.ie**).

   Chun an riachtanas seo a chomhlíonadh ní mór go n-áireoidh an chéim staidéar ar mhodúil sna réimsí seo a leanas go léir:

   **Réimsí Riachtanacha**

   a) Ceimic Orgánach
   b) Ceimic Neamhorgánach
   c) Ceimic Fhisiceach

   Is féidir na creidiúintí ECTS atá fanta a bhaint amach sna réimsí seo a leanas:

   d) Ceimic Anailíseach
   e) Ceimic Chomhshaoil
   f) Ceimic Chógaisíochta/Ceimic Bhithchógaisíochta
   g) Ceimic Thionsclaíoch

3. Ní mór go mbeidh obair shaotharlainne/praiticiúil curtha i gcrích le linn na céime.

# Léann Clasaiceach

***Ar mhaithe leis na riachtanais chlárúcháin atá leagtha síos i Rialacháin (Clárúcháin) na Comhairle Múinteoireachta maidir le hábhar curaclaim, Léann Clasaiceach, a chomhlíonadh, ní mór go gcomhlíonfaidh iarratasóir na critéir seo a leanas go léir:***

1. (a) Ní mór go mbeidh cáilíocht ag leibhéal céime ag an iarratasóir, lena n-áirítear, staidéar déanta ar an tSean-Ghréigis agus/nó ar an Laidin agus/nó ar Shibhialtacht na Sean-Ghréige agus na Sean-Róimhe nó Sibhialtacht Chlasaiceach go dtí leibhéal na tríú bliana nó os a chionn (nó an choibhéis mhodúlach).

   (b) Ní mór go mbeidh an chéim cháilíochta ar choibhéis le Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) agus go mbeidh pas ar a laghad bainte amach i ngach ábhar a bhaineann leis an Léann Clasaiceach.

   (c) Ní mór go mbeidh ar a laghad 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) (nó a choibhéis) ag dul don chéim cháilíochta agus go mbeidh ar a laghad 60 creidiúint ECTS (nó a choibhéis) den mhéid sin ag dul do staidéar ar an Léann Clasaiceach go sonrach agus ar a laghad 10 gcreidiúint ECTS (nó a choibhéis) ag baint le staidéar ag leibhéal na tríú bliain nó os a chionn (nó a choibhéis mhodúlach).

2. Ní mór go léireoidh an Léann Clasaiceach le linn na céime seo go bhfuair an céimí eolas, scileanna agus tuiscint leordhóthanach le siollabas an Léinn Chlasaicigh a theagasc ag an leibhéal is airde san oideachas iar-bhunscoile (féach **www.curriculumonline.ie**). Leis an riachtanas seo a chomhlíonadh ní mór go mbeidh staidéar déanta ar an méid seo a leanas san áireamh leis an gcéim:

   (a) An tSean-Ghréigis agus/nó Litríocht na Laidine le béim faoi leith ar Litríocht Chlasaiceach

   (b) Stair na Gréige agus na Róimhe le linn na Tréimhse Clasaicí

   (c) Na príomhréimsí de Shibhialtacht na Gréige agus na Róimhe, m.sh. stair, litríocht, aeistéitic, drámata agus sóisialta

# Ríomheolaíocht

***Ar mhaithe leis na riachtanais chlárúcháin atá leagtha síos i Rialacháin (Clárúcháin) na Comhairle Múinteoireachta maidir le hábhar curaclaim na Ríomheolaíochta a chomhlíonadh, ní mór go gcomhlíonfaidh iarratasóir na critéir seo a leanas go léir:***

**1.** (a) Ní mór go mbeidh cáilíocht ag leibhéal céime ag an iarratasóir, lena n-áirítear, staidéar déanta ar Ríomheolaíocht go dtí leibhéal na tríú bliana nó os a chionn (nó an choibhéis mhodúlach).

(b) Ní mór go mbeidh an chéim cháilíochta ar choibhéis le Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) agus go mbeidh pas ar a laghad bainte amach i ngach ábhar a bhaineann leis an Ríomheolaíocht.

(c) Ní mór go mbeidh ar a laghad 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) (nó a choibhéis) ag dul don chéim cháilíochta agus go mbeidh ar a laghad 60 creidiúint ECTS (nó a choibhéis) den mhéid sin ag dul do staidéar ar an Ríomheolaíocht go sonrach.

**2.** Ní mór go léireoidh an léann sa Ríomheolaíocht le linn na céime seo go bhfuair an céimí eolas, scileanna agus tuiscint leordhóthanach le siollabas/sonraíocht na Ríomheolaíochta a theagasc ag an leibhéal is airde san oideachas iar-bhunscoile (féach [www.curriculumonline.ie](www.curriculumonline.ie)).

Chun an riachtanas seo a chomhlíonadh ní mór go mbeidh staidéar ar mhodúil san áireamh sna réimsí seo a leanas go léir:

**Réimsí riachtanacha[1]:**

1) Innealtóireacht Bogearraí agus Bainistíocht Tionscadail (d'fhéadfadh sé go n-áireodh dearadh bogearraí agus forbairt anailís chórais, próiseas deartha, tástáil)
2) Cláreagrú (lena n-áirítear, algartaim agus struchtúir sonraí)
3) Ríomhchórais (lena n-áirítear, crua-earraí nó ailtireacht)

**Réimsí roghnacha:** Ní mór go n-áireoidh an staidéar (péire) 2 de na réimsí seo a leanas ar a laghad:

4) Forbairt gréasáin
5) Beochana/cluichí/ forbairt ilmheáin
6) Forbairt aip
7) Róbataic
8) Córais leabaithe
9) Samhaltú/ionsamhlúchán
10) Anailísiú sonraí
11) Bunachar sonraí
12) Meaisínfhoghlaim/AI

(a) Ní mór go gcuirfear obair phraiticiúil taisc i gcrích le linn na céime (m.sh. tascanna ríomhchlárúcháin).

1 *Táthar ag súil go mbeidh tionchar sochaíoch na dteicneolaíochtaí ríomhaireachta mar bhonn taca le gach réimse.*

# Staidéar Foirgníochta

***Ar mhaithe leis na riachtanais chlárúcháin atá leagtha síos i Rialacháin (Clárúcháin) na Comhairle Múinteoireachta maidir le hábhar curaclaim an Staidéir Foirgníochta a chomhlíonadh, ní mór go gcomhlíonfaidh iarratasóir na critéir seo a leanas go léir:***

**1.** (a) Ní mór go mbeidh cáilíocht ag leibhéal céime ag an iarratasóir, lena n-áirítear, staidéar déanta ar an Staidéar Foirgníocht go dtí leibhéal na tríú bliana nó os a chionn (nó an choibhéis mhodúlach).

(b) Ní mór go mbeidh an chéim cháilíochta ar choibhéis le Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) agus go mbeidh pas ar a laghad bainte amach i ngach ábhar a bhaineann leis an Staidéar Foirgníochta.

(c) Ní mór go mbeidh ar a laghad 180 creidiúint ECTS (An Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) (nó a choibhéis) ag dul don chéim cháilíochta agus go mbeidh ar a laghad 60 creidiúint ECTS (nó a choibhéis) den mhéid sin ag dul do Staidéar Foirgníochta go sonrach.

**2.** Ní mór go léireoidh an Staidéar Foirgníochta le linn na céime seo go bhfuair an céimí eolas, scileanna agus tuiscint leordhóthanach le siollabas/sonraíocht an Staidéir Foirgníochta a theagasc ag an leibhéal is airde san oideachas iar-bhunscoile (féach **www.curriculumonline.ie**).

Chun an riachtanas seo a chomhlíonadh ní mór go mbeidh staidéar ar an méid seo a leanas san áireamh leis an gcéim:

a) Sláinte agus Sábháilteacht[2]

b) An Timpeallacht Thógtha[3]

c) Teicneolaíocht Foirgníochta[4]

d) Seirbhísí Foirgníochta agus Teicneolaíochtaí Comhshaoil[5]

e) Teicneolaíocht agus Próiseáil Ábhar (Adhmad agus Ábhair eile)[6]

f) Dearadh agus Réadú[7]

---

2 ní mór go n-áireoidh sé seo forbairt eolais agus scileanna maidir le contúirt, measúnú riosca agus bainistíocht shábháilte an tseomra ranga/na timpeallachta oibre

3 ní mór go dtabharfaidh sé seo aghaidh ar an gcaidreamh idir gnéithe ailtireachta agus an comhshaol ó dhearcadh stairiúil agus comhaimseartha araon. Ní mór go n-áireoidh sé seo staidéar ar acmhainní fuinnimh agus nádúrtha atá oiriúnach d'fhorbairt chónaitheach inbhuanaithe

4 ní mór go n-áireoidh sé seo fócas suntasach ar staidéar modhanna agus cleachtais tógála a bhaineann le haonaid chónaithe

5 ní mór go n-áireoidh sé seo breithniú ar ghiniúint fuinnimh agus ar chórais rialaithe a bhaineann le haonaid chónaithe

6 ní mór go n-áireoidh sé seo scileanna agus dea-chleachtas a fhorbairt ó thaobh próiseáil sábháilte adhmaid agus éagsúlacht ábhar. Ní mór fócas ar leith a chur ar airíonna ábhair, ar fheidhmíocht agus ar riachtanais phróiseála. Ba chóir staidéar ar Dhéantúsaíocht Ríomhchuidithe a thabhairt san áireamh

7 ní mór go n-áireoidh sé seo forbairt eolais agus scileanna réimse an dearaidh agus réadú táirgí/déantúsáin agus/nó córais óna dteastaíonn iniúchadh agus feidhmiú eolais maidir leis na príomhphrionsabail atá oiriúnach don chomhthéacs

# Teangacha an Churaclaim (Araibis, Fraincis, Gearmáinis, Seapáinis, Rúisis, Spáinnis)

***Ar mhaithe leis na Riachtanais chlárúcháin atá leagtha síos i Rialacháin (Clárúcháin) na Comhairle Múinteoireachta maidir le hábhar curaclaim na dTeangacha Curaclaim sonracha a chomhlíonadh, ní mór go gcomhlíonfaidh iarratasóir na critéir seo a leanas go léir:***

1. (a) Ní mór go mbeidh cáilíocht ag leibhéal céime ag an iarratasóir, lena n-áirítear staidéar déanta ar theangacha curaclaim sonracha go dtí go dtí leibhéal na tríú bliana nó os a chionn (nó an choibhéis mhodúlach).

   (b) Ní mór go mbeidh an chéim cháilíochta ar choibhéis le Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) agus go mbeidh pas ar a laghad bainte amach i ngach ábhar a bhaineann leis an teanga churaclaim sonrach.

   (c) Ní mór go mbeidh ar a laghad 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) (nó a choibhéis) ag dul don chéim cháilíochta agus go mbeidh ar a laghad 60 creidiúint ECTS (nó a choibhéis) den mhéid sin ag dul do staidéar ar an *teanga churaclaim go sonrach*.

2. Ní mór go léireoidh an léann sa teanga churaclaim sonrach le linn na céime seo go bhfuair an céimí eolas, scileanna agus tuiscint leordhóthanach ar an teanga churaclaim sonrach le siollabas/sonraíocht teanga a theagasc ag an leibhéal is airde san oideachas iar-bhunscoile (féach www.curriculumonline.ie).

3. **Fianaise maidir le hinniúlacht teanga**

   a) Ní mór go soláthróidh gach iarratasóir fianaise maidir le hinniúlacht sa teanga. Is féidir é seo a léiriú trí fhianaise a sholáthar maidir le leibhéal B2.2 ar an laghad ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (nó a choibhéis) ó institiúid ardoideachais, áit ar comhlánaíodh an cháilíocht.

   b) Mar mhalairt air sin, Is féidir le hiarratasóirí freisin deimhniú a chur ar fáil gur baineadh caighdeán ar leibhéal B2.2 amach i dtástáil neamhspleách inniúlachta teanga.

4. **Ní mór go mbeidh staidéar ar an méid seo a leanas san áireamh leis an gcéim:**

   - scileanna teanga[8]
   - taidéar ar théacsanna[9]

5. Ní mór go soláthróidh iarratasóir, roimh staidéar oideachas tosaigh múinteoirí a thabhairt chun críche, fianaise infhíoraithe maidir le heispéireas tumthach oideachais sa teanga churaclaim ar feadh tréimhse cheithre seachtaine ar a laghad.

   Is féidir é seo a rochtain in dhá bhloc, agus ní mór go mairfidh gach ceann acu coicís ar a laghad. Ní mór go mbeidh ceann amháin acu ar a laghad i socrúchán ina bhfuil an teanga mar theanga dhúchais an réigiúin/na tíre.

   Ní mór go mbeidh an t-eispéireas tumthach oideachais i gceann acu seo a:

   - leanas: freastal ar chúrsa teanga
   - ag oibriú mar chomhalta foirne i socrúchán oideachais
   - ag stiúradh tionscadal taighde gníomhaíochta atá ábharthacht dá staidéar múinteoireachta rannpháirtíocht i Socrúchán Scoile.

8 (léamh, léiriúchán labhartha, idirghníomhaíocht labhartha, éisteacht agus scríbhneoireacht)

9 (tagraíonn téacsanna d’úsáid gach táirge teanga, lena n-áirítear, téacsanna cluas, béil, scríofa agus digiteach)

# Grafaic Dheartha agus Chumarsáide (GDC

***Ar mhaithe leis na riachtanais chlárúcháin atá leagtha síos i Rialacháin (Clárúcháin) na Comhairle Múinteoireachta maidir le hábhar curaclaim, Grafaic Dheartha agus Chumarsáide (GDC), a chomhlíonadh, ní mór go gcomhlíonfaidh iarratasóir na critéir seo a leanas go léir:***

**1.** (a) Ní mór go mbeidh cáilíocht ag leibhéal céime ag iarratasóirí, le staidéar déanta ar Ghrafaic Dheartha agus Chumarsáide (GDC), lena n-áirítear go dtí leibhéal na tríú bliana nó os a chionn (nó a choibhéis mhodúlach).

(b) Ní mór go mbeidh an chéim cháilíochta ar choibhéis le Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) agus go mbeidh pas ar a laghad bainte amach in ábhar a bhaineann le Grafaic Dheartha agus Chumarsáide (GDC).

(c) Ní mór go mbeidh ar a laghad 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) (nó a choibhéis) ag dul don chéim cháilíochta agus go mbeidh ar a laghad 60 creidiúint ECTS (nó a choibhéis) den mhéid sin ag dul do staidéar ar an nGrafaic Deartha agus Chumarsáide go sonrach.

**2.** Ní mór go léireoidh an staidéar ar an nGrafaic Deartha agus Chumarsáide (GDC) le linn na céime seo go bhfuair an céimí eolas, scileanna agus tuiscint leordhóthanach le siollabas/sonraíocht i nGrafaic an Deartha agus na Cumarsáide (GDC) a theagasc ag an leibhéal is airde san oideachas iar-bhunscoile (féach **www.curriculumonline.ie**).

Chun an riachtanas seo a chomhlíonadh ní mór go mbeidh staidéar ar an méid seo a leanas san áireamh leis an gcéim:

a) Feidhmeanna Gheoiméadracht Phlánach agus Thuairisciúil[10]

b) Grafaic Fheidhmeach[11]

c) Cumarsáid Dearaidh[12]

d) Dearadh Ríomhchuidithe[4]

---

10 D'fhéadfadh go n-áireodh sé seo úsáid a bhaint as córais theilgeacha.

11 D'fhéadfadh go n-áireodh sé seo Meicníochtaí Dinimiciúla, Foirmeacha Struchtúracha, Geoiméadracht Tíreolaíochta, nó Geoiméadracht Dromchla.

12 D'fhéadfadh go n-áireodh sé seo Léiriú Grafach agus Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide. 4 D'fhéadfadh go n-áireodh sé seo Líníocht Chóimeála.

# Eacnamaíocht

***Ar mhaithe leis na riachtanais chlárúcháin atá leagtha síos i Rialacháin (Clárúcháin) na Comhairle Múinteoireachta maidir le hábhar curaclaim na hEacnamaíochta a chomhlíonadh, ní mór go gcomhlíonfaidh iarratasóir na critéir seo a leanas go léir:***

**1.** (a) Ní mór go mbeidh cáilíocht ag leibhéal céime ag an iarratasóir, lena n-áirítear, staidéar déanta ar an Eacnamaíocht go dtí leibhéal na tríú bliana nó os a chionn (nó an choibhéis mhodúlach).

(b) Ní mór go mbeidh an chéim cháilíochta ar choibhéis le Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) agus go mbeidh pas ar a laghad bainte amach i ngach ábhar a bhaineann leis an Eacnamaíocht.

(c) Ní mór go mbeidh ar a laghad 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) (nó a choibhéis) ag dul don chéim cháilíochta agus go mbeidh ar a laghad 60 creidiúint ECTS (nó a choibhéis) den mhéid sin ag dul do staidéar ar an Eacnamaíocht go sonrach.

**2.** Ní mór go léireoidh an léann Eacnamaíochta le linn na céime seo go bhfuair an céimí eolas, scileanna agus tuiscint leordhóthanach le siollabas/sonraíochta na *hEacnamaíochta* a theagasc ag an leibhéal is airde san oideachas iar-bhunscoile (féach **www.curriculumonline.ie**).

Chun an riachtanas seo a chomhlíonadh ní mór go mbeidh staidéar ar an méid seo a leanas san áireamh leis an gcéim:

a) Maicreacnamaíocht

b) Micreacnamaíocht

Is féidir na creidiúintí ECTS atá fanta a bhaint as na réimsí seo a leanas nó as a gcoibhéis:

c) Modhanna Cainníochtúla

# Innealtóireacht

***Ar mhaithe leis na riachtanais chlárúcháin atá leagtha síos i Rialacháin (Clárúcháin) na Comhairle Múinteoireachta maidir le hábhar curaclaim na hInnealtóireachta a chomhlíonadh, ní mór go gcomhlíonfaidh iarratasóir na critéir seo a leanas go léir:***

**1.** (a) Ní mór go mbeidh cáilíocht ag leibhéal céime ag an iarratasóir, lena n-áirítear, staidéar déanta ar an Innealtóireacht go dtí leibhéal na tríú bliana nó os a chionn (nó an choibhéis mhodúlach).

(b) Ní mór go mbeidh an chéim cháilíochta ar choibhéis le Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) agus go mbeidh pas ar a laghad bainte amach i ngach ábhar a bhaineann leis an Innealtóireacht.

(c) Ní mór go mbeidh ar a laghad 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) (nó a choibhéis) ag dul don chéim cháilíochta agus go mbeidh ar a laghad 60 creidiúint ECTS (nó a choibhéis) den mhéid sin ag dul do staidéar ar an Innealtóireacht go sonrach.

**2.** Ní mór go léireoidh an léann Innealtóireachta le linn na céime seo go bhfuair an céimí eolas, scileanna agus tuiscint leordhóthanach le siollabas/sonraíocht na hInnealtóireachta a theagasc ag an leibhéal is airde san oideachas iar-bhunscoile (féach [www.curriculumonline.ie](www.curriculumonline.ie)).

Chun an riachtanas seo a chomhlíonadh ní mór go mbeidh staidéar ar an méid seo a leanas san áireamh leis an gcéim:

a) Sláinte agus Sábháilteacht[13]
b) Dearadh agus Réadú Táirgí[14]
c) Teicneolaíocht agus Próiseáil Ábhar[15]
d) Cumhacht, Fuinneamh agus Rialú[16]
e) Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (mar is infheidhme don Innealtóireacht)
f) Córais Struchtúracha & Mheicniúla.

13 Ní mór go n-áireoidh sé seo forbairt eolais agus scileanna maidir le contúirt, measúnú riosca agus bainistíocht shábháilte an tseomra ranga/na timpeallachta oibre

14 Ní mór go n-áireoidh sé seo plé le dearadh agus réadú déantúsán, lena n-áirítear teicneolaíochtaí measctha a chomhtháthú, agus teicnící gaolmhara cumarsáide grafaí agus Dearadh Ríomhchuidithe a úsáid.

15 Ní mór go n-áireoidh sé seo forbairt scileanna agus dea-chleachtas ó thaobh próiseáil a dhéanamh ar ábhair éagsúla. Ní mór fócas faoi leith a chur ar airíonna ábhair, ar fheidhmíocht agus ar riachtanais phróiseála. Ní mór staidéar ar Dhéantúsaíocht Ríomhchuidithe a chur san áireamh.

16 Ní mór go n-áireoidh sé seo plé le córais rialaithe a chuimsíonn rialú leictreonach, rialú neomatach agus ríomhrialú.

# Béarla

***Ar mhaithe leis na riachtanais chlárúcháin atá leagtha síos i Rialacháin (Clárúcháin) na Comhairle Múinteoireachta maidir le hábhar curaclaim an Bhéarla a chomhlíonadh, ní mór go gcomhlíonfaidh iarratasóir na critéir seo a leanas go léir:***

1. (a) Ní mór go mbeidh cáilíocht ag leibhéal céime ag an iarratasóir, lena n-áirítear staidéar déanta ar an mBéarla go dtí go dtí leibhéal na tríú bliana nó os a chionn (nó an choibhéis mhodúlach).

   (b) Ní mór go mbeidh an chéim cháilíochta ar choibhéis le Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) agus go mbeidh pas ar a laghad bainte amach i ngach ábhar a bhaineann leis an mBéarla.

   (c) Ní mór go mbeidh ar a laghad 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) (nó a choibhéis) ag dul don chéim cháilíochta agus go mbeidh ar a laghad 60 creidiúint ECTS (nó a choibhéis) den mhéid sin ag dul do staidéar ar an mBéarla go sonrach.

2. Ní mór go léireoidh an léann Béarla le linn na céime seo go bhfuair an céimí eolas, scileanna agus tuiscint leordhóthanach ar an mBéarla le siollabas/sonraíocht an Bhéarla a theagasc ag an leibhéal is airde san oideachas iar-bhunscoile (féach www.curriculumonline.ie).

3. Ní mór d'iarratasóirí fianaise a chur ar fáil ar a n-inniúlacht sa teanga. Is féidir é sin a léiriú trí:

   a) **Iarratasóirí arb í an teanga a dteanga dhúchais.**

   **Nó**

   b) Fianaise a sholáthar de leibhéal B2.2 ar a laghad ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (nó a choibhéis) ón institiúid ardoideachais inar baineadh an cháilíocht amach.

   **Nó**

   c) Mar mhalairt air sin, Is féidir le hiarratasóirí freisin deimhniú a chur ar fáil de thástáil shásúil neamhspleách ar inniúlacht sa teanga

4. Ní mór go léireoidh an léann Béarla le linn na céime seo go bhfuair an céimí eolas, scileanna agus tuiscint leordhóthanach ar an mBéarla le siollabas an Bhéarla a theagasc ag an leibhéal is airde san oideachas iar-bhunscoile.

   Chun an riachtanas seo a chomhlíonadh ní mór staidéar sna réimsí seo a leanas **go léir** trí mheán an Bhéarla a bheith san áireamh leis an gcéim:

   a) Drámaíocht

   b) Filíocht

   c) Ficsean

   Agus d'fhéadfadh siad na réimsí seo a leanas a thabhairt san áireamh:

   a) Scileanna Cumadóireachta agus Scríbhneoireachta

   b) Scannáin

   c) Amharclann

   d) Staidéar Meán

# Gaeilge

***Ar mhaithe leis na riachtanais chlárúcháin atá leagtha síos i Rialacháin (Clárúcháin) na Comhairle Múinteoireachta maidir le hábhar curaclaim na Gaeilge a chomhlíonadh, ní mór go gcomhlíonfaidh iarratasóir na critéir seo a leanas go léir:***

1. (a) Ní mór go mbeidh cáilíocht ag leibhéal céime ag an iarratasóir, lena n-áirítear, staidéar déanta ar an nGaeilge go dtí go dtí leibhéal na tríú bliana nó os a chionn (nó an choibhéis mhodúlach).

   (b) Ní mór go mbeidh an chéim cháilíochta ar choibhéis le Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) agus go mbeidh pas ar a laghad bainte amach i ngach ábhar a bhaineann leis an nGaeilge.

   (c) Ní mór go mbeidh ar a laghad 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) (nó a choibhéis) ag dul don chéim cháilíochta agus go mbeidh ar a laghad 60 creidiúint ECTS (nó a choibhéis) den mhéid sin ag dul do staidéar ar an nGaeilge go sonrach.

2. Ní mór go léireoidh an léann Gaeilge le linn na céime seo go bhfuair an céimí eolas, scileanna agus tuiscint leordhóthanach ar an nGaeilge le siollabas/sonraíocht na Gaeilge a theagasc ag an leibhéal is airde san oideachas iar-bhunscoile (féach **www.curriculumonline.ie**).

   Ní mór go mbeidh staidéar ar na réimsí uile seo a leanas san áireamh leis an gcéim:

   a) Scileanna Teanga [17]

   b) Staidéar ar théacsanna [18]

3. Ní mór go soláthróidh iarratasóir, roimh staidéar oideachas tosaigh múinteoirí a thabhairt chun críche, fianaise infhíoraithe maidir le heispéireas tumthach oideachais sa Ghaeilge ar feadh tréimhse cheithre seachtaine ar a laghad.

   Is féidir é seo a rochtain in dhá bhloc, agus ní mór go mairfidh gach ceann acu coicís ar a laghad. Ní mór go mbeidh ceann amháin ar a laghad acu i socrúchán Gaeltachta leis an rogha go mbeidh bloc amháin i socrúchán trí mheán na Gaeilge.

   Ní mór go mbeidh an t-eispéireas tumthach oideachais i gceann acu seo a:

   - leanas: freastal ar chúrsa Gaeilge
   - ag oibriú mar chomhalta foirne i socrúchán Gaeltachta
   - ag stiúradh tionscadal taighde gníomhaíochta atá ábharthacht dá staidéar múinteoireachta rannpháirtíocht i Socrúchán Scoile.

4. **Fianaise maidir le hinniúlacht teanga**

   - Ní mór go soláthróidh gach iarratasóir fianaise maidir le hinniúlacht sa teanga. Is féidir é seo a léiriú trí fhianaise a sholáthar maidir le leibhéal B2.2 ar an laghad ar an gComhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (nó a choibhéis) ó institiúid ardoideachais, áit ar comhlánaíodh an cháilíocht.
   - Mar mhalairt air sin, Is féidir le hiarratasóirí freisin deimhniú a chur ar fáil gur baineadh caighdeán ar leibhéal B2.2 amach i dtástáil neamhspleách inniúlachta teanga.
   - Iarratasóirí arbh í an Ghaeilge an teanga dhúchais.

17 léamh, léiriúchán labhartha, idirghníomhaíocht labhartha, éisteacht agus scríbhneoireacht

18 tagraíonn téacsanna d'úsáid gach táirge teanga, lena n-áirítear, téacsanna cluas, béil, scríofa agus digiteach

# Tíreolaíocht

***Ar mhaithe leis na riachtanais chlárúcháin atá leagtha síos i Rialacháin (Clárúcháin) na Comhairle Múinteoireachta maidir le hábhar curaclaim na Tíreolaíochta a chomhlíonadh, ní mór go gcomhlíonfaidh iarratasóir na critéir seo a leanas go léir:***

**1.** (a) Ní mór go mbeidh cáilíocht ag leibhéal céime ag an iarratasóir, lena n-áirítear staidéar déanta ar an Tíreolaíocht go dtí leibhéal na tríú bliana nó os a chionn (nó an choibhéis mhodúlach).

(b) Ní mór go mbeidh an chéim cháilíochta ar choibhéis le Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) agus go mbeidh pas ar a laghad bainte amach i ngach ábhar a bhaineann leis an Tíreolaíocht.

(c) Ní mór go mbeidh ar a laghad 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) (nó a choibhéis) ag dul don chéim cháilíochta agus go mbeidh ar a laghad 60 creidiúint ECTS (nó a choibhéis) den mhéid sin ag dul do staidéar ar an Tíreolaíocht go sonrach.

**2.** Ní mór go léireoidh an léann Tíreolaíochta le linn na céime seo go bhfuair an céimí eolas, scileanna agus tuiscint leordhóthanach le siollabas/sonraíocht na Tíreolaíochta a theagasc ag an leibhéal is airde san oideachas iarbhunscoile (féach www.curriculumonline.ie).

Chun an riachtanas seo a chomhlíonadh ní mór go mbeidh staidéar orthu seo a leanas san áireamh leis an gcéim:

a) Tíreolaíocht Fhisiceach

b) Tíreolaíocht Dhaonna

# Léann Eabhrach

***Ar mhaithe leis na riachtanais chlárúcháin atá leagtha síos i Rialacháin (Clárúcháin) na Comhairle Múinteoireachta maidir le hábhar curaclaim an Léinn Eabhraigh a chomhlíonadh, ní mór go gcomhlíonfaidh iarratasóir na critéir seo a leanas go léir:***

**1.** (a) Ní mór go mbeidh cáilíocht ag leibhéal céime ag an iarratasóir, lena n-áirítear, staidéar déanta ar an Léann Eabhrach go dtí leibhéal na tríú bliana nó os a chionn (nó an choibhéis mhodúlach).

(b) Ní mór go mbeidh an chéim cháilíochta ar choibhéis le Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) agus go mbeidh pas ar a laghad bainte amach i ngach ábhar a bhaineann leis an Léann Eabhrach.

(c) Ní mór go mbeidh ar a laghad 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) (nó a choibhéis) ag dul don chéim cháilíochta agus go mbeidh ar a laghad 60 creidiúint ECTS (nó a choibhéis) den mhéid sin ag dul do staidéar ar an Léann Eabhrach go sonrach.

**2.** Ní mór go léireoidh an Léann Eabhrach le linn na céime seo go bhfuair an céimí eolas, scileanna agus tuiscint leordhóthanach le siollabas an Léinn Eabhraigh a theagasc ag an leibhéal is airde san oideachas iar-bhunscoile (féach **www.curriculumonline.ie**). Chun an riachtanas seo a chomhlíonadh ní mór go mbeidh staidéar ar an méid seo a leanas san áireamh leis an gcéim:

a) Eabhrais Chlasaiceach

b) Stair Shibhialtacht na nEabhrach

c) An Bíobla Eabhraise

d) An Mishnah

# Stair

***Ar mhaithe leis na riachtanais chlárúcháin atá leagtha síos i Rialacháin (Clárúcháin) na Comhairle Múinteoireachta maidir le hábhar curaclaim na Staire a chomhlíonadh, ní mór go gcomhlíonfaidh iarratasóir na critéir seo a leanas go léir:***

1. (a) Ní mór go mbeidh cáilíocht ag leibhéal céime ag an iarratasóir, lena n-áirítear, staidéar déanta ar an Stair go dtí leibhéal na tríú bliana nó os a chionn (nó an choibhéis mhodúlach).

   (b) Ní mór go mbeidh an chéim cháilíochta ar choibhéis le Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) agus go mbeidh pas ar a laghad bainte amach i ngach ábhar a bhaineann leis an Stair.

   (c) Ní mór go mbeidh ar a laghad 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) (nó a choibhéis) ag dul don chéim cháilíochta agus go mbeidh ar a laghad 60 creidiúint ECTS (nó a choibhéis) den mhéid sin ag dul do staidéar ar an Stair go sonrach.

2. Ní mór go léireoidh an léann Staire le linn na céime seo go bhfuair an céimí eolas, scileanna agus tuiscint leordhóthanach le siollabas/sonraíocht na Staire a theagasc ag an leibhéal is airde san oideachas iar-bhunscoile (féach www.curriculumonline.ie).

3. Chun an riachtanas seo a chomhlíonadh ní mór go mbeidh staidéar ar Stair na hÉireann san áireamh leis an gcéim.

# Eacnamaíocht Bhaile

***Ar mhaithe leis na riachtanais chlárúcháin atá leagtha síos i Rialacháin (Clárúcháin) na Comhairle Múinteoireachta maidir le hábhar curaclaim na hEacnamaíochta Baile a chomhlíonadh, ní mór go gcomhlíonfaidh iarratasóir na critéir seo a leanas go léir:***

**1.** (a) Ní mór go mbeidh cáilíocht ag leibhéal céime ag an iarratasóir, lena n-áirítear, staidéar déanta ar an Eacnamaíocht Bhaile go dtí leibhéal na tríú bliana nó os a chionn (nó an choibhéis mhodúlach).

(b) Ní mór go mbeidh an chéim cháilíochta ar choibhéis le Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) agus go mbeidh pas ar a laghad bainte amach i ngach ábhar a bhaineann leis an Eacnamaíocht Bhaile.

(c) Ní mór go mbeidh ar a laghad 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) (nó a choibhéis) ag dul don chéim cháilíochta agus go mbeidh ar a laghad 90 creidiúint ECTS (nó a choibhéis) den mhéid sin ag dul do staidéar ar an Eacnamaíocht Bhaile go sonrach.

**2.** Ní mór go léireoidh an staidéar ar an Eacnamaíocht Bhaile le linn na céime seo go bhfuair an céimí eolas, scileanna agus tuiscint leordhóthanach le siollabas/sonraíocht na hEacnamaíochta Baile a theagasc ag an leibhéal is airde san oideachas iar-bhunscoile (féach **www.curriculumonline.ie**).

**3.** Chun an riachtanas seo a chomhlíonadh ní mór go mbeidh staidéar déanta mar bhunchuid den chéim ar na codanna idirghaolmhara uile seo a leanas den Eacnamaíocht Bhaile agus a bhfeidhm maidir leis an duine, leis an teaghlach agus leis an tsochaí:

a) Staidéar Bia (lena n-áirítear comhtháthú teoirice agus cleachtais)

b) Teicstílí, Faisean agus Dearadh (lena n-áirítear déantús ball éadaigh agus obair cheardaíochta)

c) Bainistíocht Acmhainní Teaghlaigh agus Staidéar Sóisialta (lena n-áirítear, Staidéar Eacnamaíochta Baile)

**4.** Ní mór go mbeidh obair chúrsa agus obair phraiticiúil sna réimsí thuas i gceist leis an gcéim.

# Laidin

***Ar mhaithe leis na riachtanais chlárúcháin atá leagtha síos i Rialacháin (Clárúcháin) na Comhairle Múinteoireachta maidir le hábhar curaclaim na Laidine a chomhlíonadh, ní mór go gcomhlíonfaidh iarratasóir na critéir seo a leanas go léir:***

**1.** (a) Ní mór go mbeidh cáilíocht ag leibhéal céime ag an iarratasóir, lena n-áirítear, staidéar déanta ar an Laidin go dtí leibhéal na tríú bliana nó os a chionn (nó an choibhéis mhodúlach).

(b) Ní mór go mbeidh an chéim cháilíochta ar choibhéis le Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) agus go mbeidh pas ar a laghad bainte amach i ngach ábhar a bhaineann leis an Laidin.

(c) Ní mór go mbeidh ar a laghad 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) (nó a choibhéis) ag dul don chéim cháilíochta agus go mbeidh ar a laghad 60 creidiúint ECTS (nó a choibhéis) den mhéid sin ag dul do staidéar ar an Laidin go sonrach agus ar a laghad 10 gcreidiúint ECTS (nó a choibhéis) ag baint le staidéar sa tríú bliain nó os a chionn (nó a choibhéis mhodúlach).

**2.** Ní mór go léireoidh an léann Laidine le linn na céime seo go bhfuair an céimí eolas, scileanna agus tuiscint leordhóthanach le siollabas na Laidine a theagasc ag an leibhéal is airde san oideachas iar-bhunscoile (féach www.curriculumonline.ie). Chun an riachtanas seo a chomhlíonadh ní mór go mbeidh staidéar ar na réimsí seo a leanas go léir san áireamh leis an gcéim:

a) Teanga na Laidine lena n-áirítear Staidéar ar Ghramadach agus Comhréir

b) Stair na Róimhe le linn na Tréimhse Clasaicí, m.sh. an Phoblacht agus luath-Impireacht

c) Ealaín & Litríocht na Róimhe

# Matamaitic

***Ar mhaithe leis na riachtanais chlárúcháin atá leagtha síos i Rialacháin (Clárúcháin) na Comhairle Múinteoireachta maidir le hábhar curaclaim na Matamaitice a chomhlíonadh, ní mór go gcomhlíonfaidh iarratasóir na critéir seo a leanas <u>go léir</u>:***

**1.** (a) Ní mór go mbeidh cáilíocht ag leibhéal céime ag an iarratasóir, lena n-áirítear, staidéar déanta ar an Matamaitic go dtí leibhéal na tríú bliana nó os a chionn (nó an choibhéis mhodúlach).

(b) Ní mór go mbeidh an chéim cháilíochta ar choibhéis le Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) agus go mbeidh pas ar a laghad bainte amach i ngach ábhar a bhaineann leis an Matamaitic.

(c) Ní mór go mbeidh ar a laghad 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) (nó a choibhéis) ag dul don chéim cháilíochta agus go mbeidh ar a laghad 60 creidiúint ECTS (nó a choibhéis) den mhéid sin ag dul do staidéar ar an Matamaitic go sonrach.

**2.** Ní mór go léireoidh an léann Matamaitice le linn na céime seo go bhfuair an céimí eolas, scileanna agus tuiscint leordhóthanach le siollabas/sonraíocht na Matamaitice a theagasc ag an leibhéal is airde san oideachas iar-bhunscoile (féach **[www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie)**).

Chun an riachtanas seo a chomhlíonadh ní mór go mbeidh staidéar ar na réimsí riachtanacha seo a leanas go léir san áireamh leis an gcéim:

**Réimsí riachtanacha staidéir**

a) Anailís (ní mór go n-áireofar modúl nó modúil ilchalcalas athrúcháin)

b) Ailgéabar (ní mór go n-áireofar modúl nó modúil in Ailgéabar líneach)

c) Geoiméadrach (ní mór go n-áireofar modúl nó modúil in Eoiclídeach nó Geoiméadrach Neamh-Eoiclídeach)

d) Dóchúlacht

e) Staitistic (ní mór go n-áireofar modúl nó modúil in Infeireas Staitistiúil)

D'fhéadfadh na creidiúintí atá fanta (nó a gcoibhéis) a bheith in aon cheann de na réimsí riachtanacha thuas, nó iad a bhaint as na réimsí roghnacha seo a leanas:

**Réimsí roghnacha staidéir**

f) Córais Dhinimiciúla agus Anord

g) Calcalas na nAthrúchán

h) Anailís Uimhriúil nó Matamaitic Ríomheolaíochta

i) Samhaltú Matamaiticiúil

j) Matamaitic Scoite

k) Stair nó Fealsúnacht na Matamaitice

l) Loighic Mhatamaiticiúil

m) Tacartheoiric agus Bunuimhreacht

# Ceol

***Ar mhaithe leis na riachtanais chlárúcháin atá leagtha síos i Rialacháin (Clárúcháin) na Comhairle Múinteoireachta maidir le hábhar curaclaim an Cheoil a chomhlíonadh, ní mór go gcomhlíonfaidh iarratasóir na critéir seo a leanas go léir:***

1. (a) Ní mór go mbeidh cáilíocht ag leibhéal céime ag an iarratasóir, lena n-áirítear, staidéar déanta ar an gCeol go dtí leibhéal na tríú bliana nó os a chionn (nó an choibhéis mhodúlach).

   (b) Ní mór go mbeidh an chéim cháilíochta ar choibhéis le Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) agus go mbeidh pas ar a laghad bainte amach i ngach ábhar a bhaineann leis an gCeol.

   (c) Ní mór go mbeidh ar a laghad 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) (nó a choibhéis) ag dul don chéim cháilíochta agus go mbeidh ar a laghad 60 creidiúint ECTS (nó a choibhéis) den mhéid sin ag dul do staidéar ar an gCeol go sonrach.

2. Ní mór go léireoidh an léann Ceoil le linn na céime seo go bhfuair an céimí eolas, scileanna agus tuiscint leordhóthanach le siollabas/sonraíocht an Cheoil a theagasc ag an leibhéal is airde san oideachas iar-bhunscoile (féach www.curriculumonline.ie).

   Chun an riachtanas seo a chomhlíonadh ní mór go mbeidh staidéar ar na réimsí seo a leanas go léir san áireamh leis an gcéim:

   a) Taibhiú Ceoil
   b) Armóin agus Cuntraphointe
   c) Cumadóireacht
   d) Scileanna Cluastuisceana, Bunscileanna Méarchláir agus Scileanna Teicneolaíochta Ceoil
   e) Ceol Ealaíne an Iarthair
   f) Ceol Traidisiúnta na hÉireann

# Corpoideachas

***Ar mhaithe leis na riachtanais chlárúcháin atá leagtha síos i Rialacháin (Clárúcháin) na Comhairle Múinteoireachta maidir le hábhar curaclaim an Chorpoideachais a chomhlíonadh, ní mór go gcomhlíonfaidh iarratasóir na critéir seo a leanas go léir:***

1. (a) Ní mór go mbeidh cáilíocht ag leibhéal céime ag an iarratasóir, lena n-áirítear, staidéar déanta ar an gCorpoideachas go dtí leibhéal na tríú bliana nó os a chionn (nó an choibhéis mhodúlach).

   (b) Ní mór go mbeidh an chéim cháilíochta ar choibhéis le Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) agus go mbeidh pas ar a laghad bainte amach i ngach ábhar a bhaineann leis an gCorpoideachas.

   (c) Ní mór go mbeidh ar a laghad 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) (nó a choibhéis) ag dul don chéim cháilíochta agus go mbeidh ar a laghad 60 creidiúint ECTS (nó a choibhéis) den mhéid sin ag dul do staidéar ar an gCorpoideachas go sonrach

2. Ní mór go léireoidh an léann sa Chorpoideachas le linn na céime seo go bhfuair an céimí eolas, scileanna agus tuiscint leordhóthanach le siollabas/sonraíocht an Chorpoideachais a theagasc ag an leibhéal is airde san oideachas iar-bhunscoile (féach [www.curriculumonline.ie](www.curriculumonline.ie)).

   Chun an riachtanas seo a chomhlíonadh ní mór go mbeidh staidéar déanta ar na réimsí seo a leanas go léir i gceist leis an gcéim:

   **(a)**

   - Gníomhaíochtaí Eachtraíochta
   - Gníomhaíochtaí Aeistéitiúla agus Mothúchánacha
   - Gníomhaíochtaí lúthchleasaíochta
   - Gníomhaíochtaí Iomaíochta Gníomhaíochtaí Folláine agus Sláinte
   - Eolas teicneolaíochta ar spórt agus ar ghníomhaíocht coirp
   - Samhlacha curaclaim do spórt agus do ghníomhaíocht coirp
   - Gníomhaíochtaí bunaithe ar uisce

   Chun an riachtanas seo a chomhlíonadh ní mór go mbeidh staidéar déanta ar réimse amháin ó (b) agus ar réimse amháin ó (c) san áireamh leis an gcéim:

   **(b)**

   i. Foghlaim agus Forbairt Luadrach
   ii. Cothú agus Fiseolaíocht do mhaireachtáil agus d'fheidhmíocht shláintiúil
   iii. Síceolaíocht Spóirt agus Aclaíochta
   iv. Gníomhaíocht Coirp agus Cuimsiú

   **(c)**

   i. Polasaí agus Soláthar i ngníomhaíocht coirp agus spóirt
   ii. Peirspictíocht Shocheolaíocht Gníomhaíochta Coirp agus Spóirt
   iii. Cur chun cinn na Folláine agus na Sláinte
   iv. Teoiric agus feidhmiú clár gníomhaíochta coirp do shláinte, folláine agus feidhmiúchán

# Fisic

***Ar mhaithe leis na riachtanais chlárúcháin atá leagtha síos i Rialacháin (Clárúcháin) na Comhairle Múinteoireachta maidir le hábhar curaclaim na Fisice a chomhlíonadh, ní mór go gcomhlíonfaidh iarratasóir na critéir seo a leanas go léir:***

1. (a) Ní mór go mbeidh cáilíocht ag leibhéal céime ag an iarratasóir, lena n-áirítear, staidéar déanta ar an bhFisic go dtí leibhéal na tríú bliana nó os a chionn (nó an choibhéis mhodúlach).

   (b) Ní mór go mbeidh an chéim cháilíochta ar choibhéis le Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) agus go mbeidh pas ar a laghad bainte amach i ngach ábhar a bhaineann leis an bhFisic.

   (c) Ní mór go mbeidh ar a laghad 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) (nó a choibhéis) ag dul don chéim cháilíochta agus go mbeidh ar a laghad 60 creidiúint ECTS (nó a choibhéis) den mhéid sin ag dul do staidéar ar an bhFisic go sonrach.

2. Ní mór go léireoidh an léann san Fhisic le linn na céime seo go bhfuair an céimí eolas, scileanna agus tuiscint leordhóthanach le siollabas/sonraíocht na Fisice a theagasc ag an leibhéal is airde san oideachas iar-bhunscoile (féach www.curriculumonline.ie).

   Chun an riachtanas seo a chomhlíonadh ní mór go mbeidh staidéar déanta ar chúig cinn ar a laghad de na réimsí seo a leanas san áireamh leis an gcéim:

   1. Meicnic
   2. Meicnic Chandamach
   3. Airíonna Ábhair
   4. Ascalú, Tonnta, Fuaimíocht
   5. Teirmidinimic
   6. Solas agus optaic
   7. Sruthleictreachas
   8. Leictreamaighnéadas
   9. Leictreonaic
   10. Ábhar Comhdhlúite/Fisic Sholadstaide
   11. Coibhneasacht
   12. Fisic Cáithníní
   13. Topaic san Ard-Fhisic nó san Fhisic Fheidhmeach
   14. Réalteolaíocht

3. Ní mór go mbeidh an obair shaotharlainne/praiticiúil curtha i gcrích le linn na céime.

# Fisic agus Ceimic

***Ar mhaithe leis na riachtanais chlárúcháin atá leagtha síos i Rialacháin (Clárúcháin) na Comhairle Múinteoireachta maidir le hábhar curaclaim Fisic agus Ceimic a chomhlíonadh, ní mór go gcomhlíonfaidh iarratasóir na critéir seo a leanas go léir:***

***Ní mór d'iarratasóirí a thabhairt ar aird nach gciallaíonn comhlíonadh na riachtanais chlárúcháin don ábhar curaclaim na Fisice agus na Ceimice (comhshiollabas) go bhfuil na riachtanais chlárúcháin do na hábhair aonair, Fisic nó Ceimic, comhlíonta.***

**1.** (a) Ní mór go mbeidh cáilíocht ag leibhéal céime ag an iarratasóir, lena n-áirítear staidéar déanta ar an bhFisic agus ar an gCeimic, ceann amháin díobh ar a laghad déanta go dtí leibhéal na tríú bliana nó os a chionn (nó an choibhéis mhodúlach).

(b) Ní mór go mbeidh an chéim cháilíochta ar choibhéis le Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) agus go mbeidh pas ar a laghad bainte amach i ngach ábhar a bhaineann leis an bhFisic agus Ceimic.

(c) Ní mór go mbeidh ar a laghad 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) (nó a choibhéis) ag dul don chéim cháilíochta agus go mbeidh ar a laghad 60 creidiúint ECTS (nó a choibhéis) den mhéid sin ag dul do staidéar ar an bhFisic agus ar an gCeimic go sonrach.

**2.** Ní mór go léireoidh an léann sa bhFisic agus sa Cheimic le linn na céime seo go bhfuair an céimí eolas, scileanna agus tuiscint leordhóthanach le siollabas/sonraíocht na Fisice agus na Ceimice a theagasc ag an leibhéal is airde san oideachas iar-bhunscoile (féach **www.curriculumonline.ie**).

Chun an riachtanas seo a chomhlíonadh ní mór go mbeidh staidéar ar cheithre cinn ar a laghad de na réimsí Fisice (a) go (g) agus ar phéire ar a laghad de na réimsí Ceimice (h), (i), agus (j) san áireamh leis an gcéim:

a) Meicnic
b) Meicnic Chandamach
c) Ascalú, Tonnta, Fuaimíocht
d) Teirmidinimic
e) Solas agus optaic
f) Leictreamaighnéadas
g) Fisic Cáithníní

Ní mór go mbeidh staidéar déanta ar phéire ar a laghad de na réimsí Ceimice seo a leanas san áireamh leis an gcéim:

h) Ceimic Orgánach
i) Ceimic Neamhorgánach
j) Ceimic Fhisiceach

**3.** Ní mór go mbeidh an obair shaotharlainne/praiticiúil curtha i gcrích le linn na céime.

# Polaitíocht agus an tSochaí

***Ar mhaithe leis na riachtanais chlárúcháin atá leagtha síos i Rialacháin (Clárúcháin) na Comhairle Múinteoireachta maidir le hábhar curaclaim na Polaitíochta agus an tSochaí a chomhlíonadh, ní mór go gcomhlíonfaidh iarratasóir na critéir seo a leanas go léir:***

(a) Ní mór go mbeidh cáilíocht ag leibhéal céime ag an iarratasóir, le Polaitíocht/Eolaíocht Pholaitiúil nó Socheolaíocht, **nó** meascán de **thrí cinn** de na réimsí seo a leanas ar a laghad: Polaitíocht/Eolaíocht Pholaitiúil, Socheolaíocht, Antraipeolaíocht, Dlí, Léann Eorpach, Riarachán Poiblí, Rialtas, Forbairt, Staidéar ar na Meáin, Eacnamaíocht, Stair, Tíreolaíocht, Caidreamh Idirnáisiúnta nó Fealsúnacht a chuimsíonn ar a laghad 60 creidiúint ECTS nó a choibhéis.

(b) Ní mór go mbeidh an chéim cháilíochta ar choibhéis le **Leibhéal 8 ar a laghad** ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) agus go mbeidh 180 ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) ar a laghad bainte amach (nó a coibhéis).

(c) Ní mór go mbeidh oideachas tosaigh múinteoirí iarbhunscoile comhlánaithe ag iarratasóirí (aois raon 12-18 bliain d'aois) le 120 creidiúint ECTS ar a laghad (nó a coibhéis).

# Oideachas Reiligiúnach

***Ar mhaithe leis na riachtanais chlárúcháin atá leagtha síos i Rialacháin (Clárúcháin) na Comhairle Múinteoireachta maidir le hábhar curaclaim Oideachais Reiligiúnaigh a chomhlíonadh, ní mór go gcomhlíonfaidh iarratasóir na critéir seo a leanas go léir:***

**1.** (a) Ní mór go mbeidh cáilíocht ag leibhéal céime ag an iarratasóir, lena n-áirítear, staidéar déanta ar an Oideachas Reiligiúnach go dtí leibhéal na tríú bliana nó os a chionn (nó a choibhéis mhodúlach).

(b) Ní mór go mbeidh an chéim cháilíochta ar choibhéis le Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) agus go mbeidh pas ar a laghad bainte amach i ngach ábhar a bhaineann le hOideachas Reiligiúnach.

(c) Ní mór go mbeidh ar a laghad 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) (nó a choibhéis) ag dul don chéim cháilíochta agus go mbeidh ar a laghad 60 creidiúint ECTS (nó a choibhéis) den mhéid sin ag dul do staidéar ar an Oideachas Reiligiúnach go sonrach.

**2.** Ní mór go léireoidh an staidéar ar an Oideachas Reiligiúnach le linn na céime seo go bhfuair an céimí eolas, scileanna agus tuiscint leordhóthanach le siollabas/sonraíocht an Oideachais Reiligiúnaigh a theagasc ag an leibhéal is airde san oideachas iar-bhunscoile (féach www.curriculumonline.ie).

Chun an riachtanas seo a chomhlíonadh ní mór go mbeidh staidéar déanta ar 5 cinn den mhéid seo a leanas mar chuid den chéim:

a) Téacs Diaga, lena n-áirítear, an Bíobla
b) Críostaíocht - Bunús agus Eispéireas Comhaimseartha
c) Reiligiúin an Domhain
d) Córais Chreidimh Tuata
e) Eitic
f) Diagacht Chórasach
g) Fealsúnacht Reiligiúin

# Teicneolaíocht

***Ar mhaithe leis na riachtanais chlárúcháin atá leagtha síos i Rialacháin (Clárúcháin) na Comhairle Múinteoireachta maidir le hábhar curaclaim na Teicneolaíochta a chomhlíonadh, ní mór go gcomhlíonfaidh iarratasóir na critéir seo a leanas go léir:***

1. (a) Ní mór go mbeidh cáilíocht ag leibhéal céime ag an iarratasóir, lena n-áirítear, staidéar déanta ar an Teicneolaíocht go dtí leibhéal na tríú bliana nó os a chionn (nó an choibhéis mhodúlach).

   (b) Ní mór go mbeidh an chéim cháilíochta ar choibhéis le Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) agus go mbeidh pas ar a laghad bainte amach i ngach ábhar a bhaineann leis an Teicneolaíocht.

   (c) Ní mór go mbeidh ar a laghad 180 creidiúint ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) (nó a choibhéis) ag dul don chéim cháilíochta agus go mbeidh ar a laghad 60 creidiúint ECTS (nó a choibhéis) den mhéid sin ag dul do staidéar ar an Teicneolaíocht go sonrach.

2. Ní mór go léireoidh an léann Teicneolaíochta le linn na céime seo go bhfuair an céimí eolas, scileanna agus tuiscint leordhóthanach le siollabas/sonraíocht na Teicneolaíochta a theagasc ag an leibhéal is airde san oideachas iar-bhunscoile (féach www.curriculumonline.ie).

   Chun an riachtanas seo a chomhlíonadh ní mór go mbeidh staidéar ar an méid seo a leanas san áireamh leis an gcéim:

   a) Sláinte & Sábháilteacht[19]
   b) Dearadh Táirge agus Déantúsaíocht[20]
   c) Teicneolaíocht agus Próiseáil Ábhar[21]
   d) Leictreonach Fheidhmeach agus Córais Rialaithe[22]
   e) Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
   f) Córais Déantúsaíochta[23]
   g) Córais Struchtúracha & Mheicniúla

19 ní mór go n-áireoidh sé seo forbairt eolais agus scileanna maidir le contúirt, measúnú riosca agus bainistíocht shábháilte an tseomra ranga/na timpeallachta oibre

20 Ní mór go n-áireoidh sé seo plé le dearadh agus réadú déantúsán, lena n-áirítear teicneolaíochtaí measctha a chomhtháthú, agus teicnící gaolmhara cumarsáide grafaí agus Dearadh Ríomhchuidithe a úsáid.

21 Ní mór go n-áireoidh sé seo forbairt scileanna agus dea-chleachtas ó thaobh próiseáil a dhéanamh ar ábhair éagsúla. Ní mór fócas faoi leith a chur ar airíonna ábhair, ar fheidhmíocht agus ar riachtanais phróiseála. Ní mór staidéar ar Dhéantúsaíocht Ríomhchuidithe a chur san áireamh.

22 Ní mór go n-áireoidh sé seo plé le leictreonach fheidhmeach agus le córais rialaithe atá oiriúnach lena n-úsáid i gcóras oideachais dara leibhéal.

23 Ní mór go n-áireoidh sé seo bainistíocht tionscadail agus cáilíochta.

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad,
Co. Chill Dara, W23 Y7X0, Éire

Glao Áitiúil 1890 224 224
Teileafón +353 1 651 7900
Facs +353 1 651 7901
Ríomhphost info@teachingcouncil.ie

www.teachingcouncil.ie

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council